Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0131(COD)**

**9371/1/23**
**REV 1**

**MIGR 166**
**JAI 649**
**ASIM 60**
**EDUC 167**
**EMPL 210**
**CODEC 909**
**SOC 327**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8580/22+ADD 1-ADD 4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 28 Aibreán 2022, mar chuid den Phacáiste Scileanna agus Tallainne, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra le haghaidh Treoir maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú).[1]

[1] 8580/22

2. Is é is aidhm don togra Treoir 2011/98/AE (‘an Treoir maidir le Cead Aonair’) a leasú. Is é is cuspóir don athmhúnlú seo raon feidhme na Treorach a shimpliú agus a shoiléiriú, an nós imeachta iarratais a chuíchóiriú, fad foriomlán an nós imeachta a laghdú agus an nós imeachta a dhéanamh níos éifeachtaí. Is é is aidhm dó freisin na coimircí agus an chóir chomhionann a neartú do náisiúnaigh tríú tír agus a gcosaint ar dhúshaothrú saothair a fheabhsú.

3. Cuireadh tús le mionscrúdú ar an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (Ligean isteach) an 22 Iúil 2022, le linn Uachtaránacht na Seicia. Scrúdaigh an Mheitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (Ligean isteach) an chéad togra comhréitigh an 9 Samhain 2022. Tar éis na mbarúlacha ó bhéal agus i scríbhinn a thug na Ballstáit, d’eisigh Uachtaránacht na Sualainne togra comhréitigh leasaithe, a pléadh agus mionchoigeartaíodh a thuilleadh ag cruinnithe na Meithle um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (Ligean isteach) an 27 Eanáir 2023 agus an 6 Márta 2023, agus ag an gcruinniú a bhí ag Comhairleoirí CGB (Ligean Isteach) an 25 Aibreán 2023.

4. Le linn an phlé sin, chuir formhór na mBallstát in iúl go dtacaíonn siad don mhórchuid leis an togra leasaithe agus gur dhíol sásaimh dóibh na moltaí comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht.

5. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) atá freagrach as an togra a scrúdú. D’ullmhaigh an rapóirtéir, Javier Moreno Sánchez (S&D, ES) dréacht-tuarascáil. Ghlac an Coiste LIBE a thuairisc maidir leis an togra an 23 Márta 2023. Vótáil Parlaimint na hEorpa i bhfabhar caibidlíocht idirinstitiúideach an 19 Aibreán 2023.

## II. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

6. Sa téacs comhréitigh leasaítear roinnt gnéithe a bhí sa togra ón gCoimisiún. Sa téacs comhréitigh cuirtear teorainn le raon feidhme na Treorach (Airteagal 3), i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, chun catagóirí áirithe náisiúnach tríú tír a eisiamh.

7. Cé gur coimeádadh an fhéidearthacht iarratais a dhéanamh ó chríoch Bhallstáit in Airteagal 4, sonraítear sa téacs comhréitigh, mar choimirce, gur cheart cead cónaithe bailí a bheith ina sheilbh ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann. Ina theannta sin tá an fhéidearthacht ag na Ballstáit glacadh le hiarratais ó náisiúnaigh tríú tír eile atá i láthair go dleathach ar a gcríoch.

8. Sa téacs comhréitigh, cuirtear solúbthacht bhreise ar fáil do na Ballstáit maidir leis an teorainn ama 4 mhí chun cinneadh a eisiúint (Airteagal 5). Go háirithe, ní áirítear a thuilleadh sa teorainn ama 4 mhí an t-am a bhíonn ag teastáil chun an víosa is gá a eisiúint chun cead aonair a fháil. Os a choinne sin, áirítear sa sprioc-am sin na seiceálacha ar staid an mhargaidh saothair a dhéantar i ndáil le hiarratas aonair ar chead aonair.

9. In Airteagal 11, coimeádtar sa téacs comhréitigh an ceart atá ag sealbhóir an cheada aonair fostóir a athrú agus an ceart chun cosanta i gcás dífhostaíochta, agus ag an am céanna socraítear roinnt coinníollacha agus coimircí. Mar shampla, cinntear sa téacs, sa bhreis ar na coinníollacha maidir le ligean isteach a fhíorú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go bhféadfaidh na Ballstáit an t-athrú fostóra a chur faoi réir fógra nó nós imeachta iarratais. Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit íostréimhse ama a shocrú ina mbeidh sé de cheangal ar shealbhóir an cheada aonair oibriú don chéad fhostóir. Soiléirítear sa téacs comhréitigh freisin nach cúis ann féin caillteanas fostaíochta leis an gcead aonair a tharraingt siar mura faide ná 2 mhí tréimhse iomlán na dífhostaíochta. Féadfaidh na Ballstáit tréimhsí dífhostaíochta níos faide a cheadú.

10. Is é is aidhm do na hathruithe in Airteagail 13 agus 14 raon feidhme oibleagáidí na mBallstát a shoiléiriú maidir le mí-úsáidí a d’fhéadfadh a bheith ann a chosc, smachtbhannaí maidir le sáruithe a fhorchur agus gearáin i gcoinne fostóirí a éascú.

## III. CONCLÚID

11. Measann an Uachtaránacht gur cur chuige cóir agus cothrom é an comhréiteach ina gcuirtear na tuairimí a léirigh tromlach na mBallstát san áireamh.

12. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Coiste na mBuanionadaithe, an 24 Bealtaine 2023, a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teacht ar Chur Chuige Ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach in 9474/23 é, agus HU ag staonadh ón vótáil, ag seisiún na Comhairle CGB an 8 Meitheamh 2023;
- aird a thabhairt ar an ráiteas a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.